2026/2352

20.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2352 ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Deireadh Fómhair 2026

lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Iúil 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/440/CBES lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) um Chearta an Duine [1].

(2) An 11 Feabhra 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/345 [2] lena gceaptar Kajsa OLLONGREN ina hISAE um Chearta an Duine le haghaidh na tréimhse ón 1 Márta 2026 go dtí an 29 Feabhra 2028.

(3) Tar éis Kajsa OLLONGREN a cheapadh chuig post eile, ba cheart ISAE nua um Chearta an Duine a cheapadh le haghaidh na tréimhse ón 19 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 29 Feabhra 2028.

(4) Leis an méid tagartha airgeadais a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2026/345, ba cheart caiteachas a chumhdach a bhaineann leis an leanúnachas riaracháin idir sainorduithe ISAE agus le cur chun feidhme shainordú ISAE nua,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH

Airteagal 1

Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh

1. Foirceanntar sainordú Kajsa OLLONGREN mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine ('ISAE') amhail ón 1 Meán Fómhair 2026.

2. Leis seo, ceaptar Ilze BRANDS KEHRIS ina hISAE ón 19 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 29 Feabhra 2028. Feidhmeoidh sí a sainordú i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2026/345.

3. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfar sainordú ISAE ('an sainordú') a fhoirceannadh níos luaithe, bunaithe ar mheasúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

[1] Cinneadh 2012/440/CBES ón gComhairle an 25 Iúil 2012 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine (IO L 200, 27.7.2012, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/440/oj).

[2] Cinneadh (CBES) 2026/345 ón gComhairle an 11 Feabhra 2026 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine (IO L, 2026/345, 13.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/345/oj).

Airteagal 2

Maoiniú

1. Caiteachas a bhaineann leis an leanúnachas riaracháin idir sainorduithe Kajsa OLLONGREN agus Ilze BRANDS KEHRIS le linn na tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 18 Deireadh Fómhair 2026, cumhdófar é leis an méid tagartha airgeadais a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2026/345.

2. Caiteachas a bhaineann le cur chun feidhme an tsainordaithe le linn na tréimhse ón 19 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 29 Feabhra 2028, cumhdófar é leis an méid tagartha airgeadais a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2026/345.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 19 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

D. CALLEARY